***An Ceiliúraí**: Guígí a chairde, go nglaca Dia an tAthair uilechumhachtaí leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.*

***Pobal:** Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha . chun onóra agus glóire a ainm agus chun socair dúinne is dá naomh eaglais uile*

**Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh mar a ndéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dhúinn ár bhfiacha mar a mhaithimidne dár bhfeichiúna féin, 's ná lig sinn i gcathú ach saor sinn ó olc , Aiméan.**

**Fan againn, fan againn, fan againn a Thiarna**

**Gabh ár gcoimirc a Chorp ghlan Íosa,<br>Abhlann Naofa is mó maoin.<br>Saor ár gcroí ó cioth na peacaí,<br>Aoibhinn Do theacht a thiarna caoin.<br>Aiméan a Thiarna, aiméann.**

**Fógraí:**

Tá **léitheoirí agus ministéirí na hEochairiste** ag teastáil i séipéil an Chnoic agus séipéil na Tulaigh le bhur dtoil. Cuir scéal ag an oifig 091 593122 nó r. phost seip.n.ainnin@gmail.com seip.n.colmcille@gmail.com

Tá **cludaí ar mhaithe le Trócaire** ag deireadh na Séipéil. Is feidir libh iad a usáid nó is féidir libh síntúis a chur i gclúdach agus é a chur sa gciseáin am bith go dtí deireadh na míosa.

*******************************************************


**Paróiste an Chnoic**<br>**Séipéal N. Ainnín & Séipéal N. Cholmcille**<br>Teileafón: 091 593122; Fón póca: 087 6044460<br>**R.phost:** seip.n.ainnin@gmail.com **seip.n.colmcille@gmail.com**<br>**Aifreann ar an idirlíon ag** http://www.mcnmedia.tv<br>**Ar an raidió go háitiúl ar 105.5fm**


*******************************************************

## AN TRIÚ DOMHNACH DEN CHÁISC *1ú Bealtaine 2022*

***Sé Íosa an firéan a shaothraigh ár n-anam***<br>*É rinne muid a cheannach ón ndaoirse*<br>*Dfhulaing Sé páis agus bás ar an gcrois*<br>*I ngeall ar na peacaí níonns muid. Agus Aleluluia*



**Aifrinn - Séipéal Naomh Ainnín an Chnoc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Dé Sathairn:** | **30ú** | **7.30 i.n.** | Mary Cooke (Aif mh.) |
| **Dé Domhnaigh:** | **1ú** | **11.30 r.n.** | Padraic Ó Coistealbha, a bhean Bríd agus a iníon Myria |
| **De Céadaoin:** | **4ú** | **7.00 i.n.** | |
| **Dé hAoine:** | **6ú** | **10.00 r.n.** | Padraic & Micil Ó Biadha. |
| **Dé Sathairn:** | **7ú** | **7.30 i.n** | |
| **Dé Domhnaigh:** | **8ú** | **11.30r.n.** | |

**Aifrinn - Séipéal Naomh Cholmcille, an Tulach**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Dé Sathairn:** | **30ú** | **6.00 i.n.** | Seamúisín Mac Donnacha, Na Creagáin. |
| **Dé Domhnaigh:** | **1ú** | **10.00 r.n.** | |
| **Dé Luan:** | **2ú** | **10.00 r.n.** | |
| **Déardaoin:** | **5ú** | **7.00 i.n.** | Liam Ó Conghaile, a bhean Éibhlín & a chlann Máirin,Brid & Padraic. |
| **Dé Sathairn:** | **7ú** | **6.00 i.n** | Nóra Uí Dhilliúin (Aif. Bl). |
| **Dé Domhnaigh:** | **8ú** | **10.00 r.n.** | |

***Admhaím do Dhia uile cumachtach agus daoíbhse a cháirde, gur pheacaí mé go trom le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhór-choir féin. Ar an ábhar sin, impím ar Naomh Mhuire síor Ógh, ar na haingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a cháirde guí ar mo shon chun an Tiarna Dia.***

## Briathar Dé

***Tabhair eagna dúinn a Naomh Spiorad chaoin,***
***go n-éistimíd led' Bhriathar fíor,***
***'s go gcuirimid inniu i ngníomh***
***beart do reir a gcloisimid. Áiméan***

**An Léacht** *Sliocht as Gníomhartha na nAspal -- 5:27-32, 40-41*
Chuir uachtaráin na sagart ceist ar na hAspail: "Nár fhógair muid oraibh gan a bheith ag teagasc san ainm sin, agus céard a rinne sibh? Tá sibh ag tabhairt an teagaisc sin ar fud Iarúsailéim ar fad agus is mian libh milleán bhás an duine seo a chur orainne." D'fhreagair Peadar agus na haspail iad, agus dúirt: "Caithfidh muid toil Dé a chur roimh thoil daoine. Thóg Dia ár n-aithreacha ó mhairbh Íosa, a mharaigh sibhse á chrochadh daoibh ar chrann. Seo é a d'ardaigh Dia lena dheaslámh féin ina phrionsa agus ina shlánaitheoir le haithrí agus maiteanas peacaí a thabhairt d'Isráél. Agus is finnéithe muide ar na nithe sin, agus an Spiorad Naomh a thug Dia do chuile dhuine dá raibh umhal dó chomh maith." Agus d'fhógair siad ar na haspail gan aon teagasc a thabhairt in ainm Íosa agus scaoil siad chun siúil iad. Agus d'imigh siadsan as láthair na comhdhála agus lúcháir orthu, de bhrí gur measadh gurbh fhiú iad tarcaisne a fhulaingt mar gheall ar Íosa. **Sin é Briathar Dé. Freagra:** *Buíochas le Dia*

**Freagra: Canaigí amhrán nua do'n Tiarna óir rinne sé eachtaí.**

Canaigí amhráan nua don Tiarna
óir rinne Sé éachtaí
Le neart a dheas s láimhe 'sa chuisle naofa
Rug sé bus dó féin. Fr.

Chonaic críocha uile na cruinne
Slánú ár nDé
Gairdigí sa Tiarna a chríocha uile
Agus nochtaigí bhur náthas Dó Fr.

Canaigí salm don Tiarna leis an gcruit
Is le fuaim na cláirsí
Tugaigí gártha le fuaim stoic is adhairce
don Tiarna ár Rí. Fr

**Agus ailleliulá** '
Má maslaítear ár gcolann ní baolach d'ár n-anam, ach ná séanaigí m'ainm-se choíche.

**An Soiscéal** *Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin -- 21:1-19*
San am sin, spáin Íosa é féin do na deisceabail ag Muir Tiberias, agus seo mar a tharla. Bhí i bhfochair a chéile: Síomón Peadar, Tomás an Leathchúpla, Natanaél ó Chána na Gailíle, agus clann Zeibeide agus beirt eile dá dheisceabail. Dúirt Síomón Peadar leo: "Tá mise ag dul ag iascach." "Gabhfaidh muide leat," ar siad. D'imigh siad mar sin, agus isteach sa mbád leo, ach an oíche sin níor mharaigh siad aon bhreac. Nuair a tháinig an mhaidin, bhí Íosa ina sheasamh ar an trá, ach ní raibh a fhios ag na deisceabail gurbh é Íosa é. Dúirt Íosa leo: "Nil aon iasc agaibh, a chairde." "Níl," ar siad, á fhreagairt. Dúirt sé leo: "Caithigí amach an eangach ar dheis na loinge, agus gheobhaidh sibh iasc." Chas siad agus láithreach bonn bhí ag teip orthu an eangach a tharraingt bhí an oiread sin iasc inti. Ansin an deisceabal ab ionúin le hÍosa, dúirt sé le Peadar: "'Sé'n Tiarna é." Nuair a chuala Peadar, dá bhrí sin, gurbh é an Tiarna é, chuir sé a bhrat air -- mar bhí sé gan é -- agus chaith sé é féin isteach sa bhfarraige, ach tháinig na deisceabail eile sa long, mar ní raibh siad i bhfad ó thalamh, ach timpeall dhá chéad banlámh; agus tharraing siad an eangach lán d'éisc ina ndiaidh. Nuair a tháinig siad i dtír, chonaic siad arán ansiúd, agus tine ghualaigh agus iasc uirthi. Dúirt Íosa leo: "Tugaigí anseo cuid de na héisc a ghabh sibh anois." Ansin chuaigh Peadar ar bord, agus tharraing sé an eangach i dtír, agus í lán d'éisc mhóra, céad agus caoga a trí acu; agus bíodh go raibh siad chomh mór sin, níor bhris an eangach. Dúirt Íosa leo: "Tagaigí agus ithigí." Ní raibh sé de mhisneach ag éinne de na deisceabail a fhiafraí de: "Cé thú féin?" mar go raibh a fhios acu gurbh é an Tiarna é. Tháinig Íosa agus thóg an t-arán agus thug dóibh é, agus an t-iasc chomh maith céanna. Ba é sin an tríú huair ar spáin Íosa é féin dá dheisceabail, tar éis éirí ó mhairbh dó. Nuair a bhí an bia caite, dúirt Íosa le Síomón Peadar: "A Shíomóin mhic Eoin, an mó do ghrása dom ná a ngrá seo?" "Sea, a Thiarna, tá a fhios agat go bhfuil grá agam duit." Dúirt Íosa leis: "Cothaigh mo chuid uan." Dúirt sé leis an dara huair: "A Shíomóin mhic Eoin, an bhfuil grá agat dom?" Tá, a Thiarna, ar seisean leis, "Tá a fhios agat go bhfuil grá agam duit." Dúirt Íosa leis: "Déan mo chuid caorach a aoireacht." Dúirt sé leis an tríú huair: "A Shíomóin mhic Eoin, an bhfuil grá agat dom?" Agus dúirt sé leis: "A Thiarna, tá a fhios agat chuile ní, tá a fhios agat go bhfuil grá agam duit." Dúirt Íosa leis: "Cothaigh mo chuid caorach." "Áiméan, Áiméan, a deirim leat, nuair a bhíteá níos óige, chuirteá féin do chrios ort, agus shiúltá san áit ba thoil leat, ach nuair a théann tú in aois sínfidh tú amach do lámha, agus cuirfidh duine eile do chrios ort, agus seolfaidh sé thú san áit nach toil leat." Dúirt sé an méid sin lena chur in iúl cén sórt báis lena dtabharfadh sé glóir do Dhia. Agus nuair a bhí an méid sin ráite aige dúirt sé: "Lean Mise."
**Sin é Soiscéal Dé. Freagra:** *Moladh leis an Tiarna Íosa Críost*

**'Rán na beatha, fíon an tslánaithe**
**Gníomhartha na seachtaine**
**Chugatsa a Rí**
**'Rán na beatha, fíon an tslánaithe**
**Íosa** Mac **Dé linn i gcónaí**